# Súil Siar ar Scéim na Scol

## 1937-1938[1]




Séamas Ó Catháin



Ar an chéad lá de mhí Iúil 1937 is ea a cuireadh tús le tionscnamh mór faoi choimirce Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935-1971) ar ar tugadh 'Scéim na Scol'. Leathchéad bliain i ndiaidh an ama sin, 'Bailiúchán na Scol' is ea a thugtar ar thoradh na scéime sin agus ní bréag ar bith é bailiúchán a thabhairt air mar go bhfuil thimpeall is leathmhilliún leathanach lámhscríbhinne i gceist ann.[2]

Murab ionann agus 'Príomhbhailiúchán' lámhscríbhinní Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ina bhfuil fáil ar ábhar béaloidis ó gach uile chearn den tír a bhailigh ná bailitheoirí lánaimseartha, na bailitheoirí páirtaimseartha agus lucht freagartha ceistiúchán faoin Choimisiún agus faoi Roinn Bhéaloideas Éireann, is ó na Sé Chontae Fichead amháin a bailíodh an t-ábhar ar fad faoi scéim seo na scol.[3]

Bhí an scéim ag brath ar dhea-thoil na múinteoirí agus na bpáistí sna bunscoltacha,[4] agus anuas air sin ar dhea-thoil na Roinne Oideachais agus Chumann Múinteoirí Éireann, mar aon le cúnamh praiticiúil na Roinne Oideachais agus an Rialtais a rinne cóipleabhair mhóra oifigiúla a sholáthar inar scríobhadh síos an béaloideas a bailíodh, agus a sheas costaisí postála na gcóipleabhar nuair a bhí deireadh thart.[5]




Ach ba é díograis bheirt fhear fhadradharcacha ábalta – Séamus Ó Duilearga (1899-1980) agus Seán Ó Súilleabháin (r. 1903-1996) – a chéadchuir an scéim chun tosaigh agus a thug chun críche go foirfe í. Ba iad a thug ar na húdaráis géilleadh don smaoineamh an chéad lá riamh, agus ba iad a rinne an lear mór bolscaireachta ar son na scéime ag

míniú agus ag athmhíniú do mhúinteoirí na tíre a raibh i gceist le béaloideas, agus le béaloideas a bhailiú, ar Radió Éireann, ar na nuachtáin agus ag an iliomad cruinniú de mhúinteoirí agus de lucht cheardchumann fud fad na tíre. Níor bheag iad scileanna na beirte seo agus iad i mbun a gcás a áiteamh ar mhúinteoirí cruógacha, ar cheardchumannaigh chríonna chruabhruite, nó ar státseirbhísigh dhrochamhrasacha.

Faoi réimeas Institiúid Bhéaloideasa Éireann (1930-1935) cheana féin, agus ón am ar bunaíodh Coimisiún Béaloideasa Éireann (1935), bhíthear i mbun idir mhúinteoirí agus dhaltaí a earcú ina mbailitheoirí agus é sin le comhoibriú na Roinne Oideachais agus Chumann Múinteoirí Éireann. Féach, mar shampla, an tuairisc seo ar *Scéala Éireann* 7.4.1934:



*In a booklet, National Tradition and Folklore, issued to the principals of all Primary Schools throughout the country, the Department of Education invites teachers to render material assistance in the work of collecting, conserving and popularising the nation's folklore. The Department is prepared to issue free to all schools a manuscript book suitable for making entries concerning local traditions and folklore. Although the work is voluntary, official recognition is to be taken of it…*


Labhair Séamus Ó Duilearga le Comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath agus mar a dúirt *Irish Independent* an lae dár gcionn, 24.2.1935:

> *The co-operation of the teachers of Ireland, in an attempt to rescue from oblivion and to preserve for all time the oral traditions of the Irish people, was appealed for by Séamus Ó Duilearga, M.A., Director, Irish Folklore Commission…*

Bhí an comhoibriú sin le fáil go réidh don chuid is mó ach is léir ón tuairisc seo, a bhí ar *Scéala Éireann* 3.4.1935, nach mó ná sásta a bhí cuid de na múinteoirí faoin Roinn Oideachais, a bheith ag cur crua orthu faoi chúrsaí béaloidis:

> *who lectured on Irish Folklore Collection to a meeting of national teachers at Drogheda, Mr. W.P. Allen, T.C., said that he (speaker) had been struck with the thought that had the powers that be been so wise as to have sent Dr. de Largy through the country to talk in that informal way of his, the Department would have had far more results than they might expect from the threatening circulars that were dished out to the teachers some time ago. He could tell them that he had not opened his Folklore notebook yet, but now that he had heard Dr. de Largy he would open it and endeavour to fill it.*





# COLLECTION OF FOLKLORE

## The Work Of 50,000 Children

("Irish Independent" Special Representative.)

WEIGHING over 20 tons and filling 6,000 copybooks, folklore collected by about 50,000 children in the higher standards of the National Schools of rural Ireland has arrived at the headquarters of the Irish Folklore Commission, University College, Dublin.

**This gives Ireland probably the greatest collection of folklore in the world.**

It is estimated 900,000 pages of folklore have been collected.

About 8,000 or 9,000 teachers assisted, and material has been found in almost every house in the rural areas of the Twenty-Six Counties.

This is the result of the scheme in which the Department of Education, the Folklore Commission, the I.N.T.O., and the pupils have co-operated. In the towns the work was voluntary.

**The collection has surpassed expectations, the one drawback being that the folklore of the Six Counties has been left almost untouched, except for the work of a few isolated enthusiasts.**

### WITHOUT PARALLEL.

Except in the tny Republic of San Marino, Italy, this system of collecting folklore is without parallel in European education. Mainly through inspiration derived from Ireland, France has begun to collect French folklore, using almost the same methods which proved so successful here.

For 18 months children in the senior grades have been hunting for folklore dealing with arts, crafts, superstitions, local tradition, etc., in their respective areas. It was part of the official programme, and as much the work of the school as the teaching of Irish.

In the Gaelic-speaking districts the tales were written in Gaelic, and in English in the other areas.

An Dr. Seamus O Duilearga, Director, Folklore Commission, and Sean O'Suilleabhain, archivist, told me that tney were highly pleased with the collection. About 4,800 schools took part, thousands of places where there were no official collectors being tapped. Virtually every farmhouse in Meath had been touched.

**One great feature of the scheme is that it has revealed to the Commission sources of valuable material hitherto unknown, and an official collector can be sent to a particular area if necessary.**

*The Irish Independent*, 2 Feabhra 1939

Fud fad na tíre le linn na mblianta tosaigh sin, bhítear ag bunú coistí agus cumainn bhéaloidis faoi scáth chraobhacha áitiúla de Chumann Múinteoirí Éireann: tuairiscíodh ar *Scéala Éireann,* 13.2.1935, faoin cheannteideal 'Múinteoirí ag Bailiú', go raibh 'coiste ceaptha ag Craobh na Gaillimhe de Chumann na Múinteoirí Náisiúnta le dlúthas a chur le h-obair chnuasachta an Bhéaloideasa i gcraoibh-cheanntar na Gaillimhe…' In earrach na bliana 1936, craoladh sraith cainteanna ar chúrsaí béaloidis ar Radió Éireann, agus ar na cainteoirí a chualathas bhí roinnt múinteoirí go raibh seantaithí acu ar bhailiú an bhéaloidis – Dáithí Cantwell, Pádraig Mac Gréine agus Seán Ó Cuinneagáin ina measc. I dtús mhí Dheireadh Fómhair 1937, labhair Séamus Ó Duilearga féin ar Radió Éireann agus bailiú an bhéaloidis faoi Scéim na Scol an port a bhí aige.

Más amhlaidh go raibh a séala proifisiúnta buailte ar thionscnamh na scéime seo ag Séamus Ó Duilearga agus ag Seán Ó Súilleabháin, ba é Seán Ó Súilleabháin, an t-oideolaí a raibh dhá bhliain déag (1923-1935) caite aige ina mhúinteoir bunscoile, a rinne dearfa de gur baineadh oiread tairbhe agus ab fhéidir as comhoibriú agus saineolas na múinteoirí agus diandícheall na bpáistí a bhí faoina gcúram, nuair a thug sé faoi leabhrán a dhréachtú inar leagadh síos treoirlínte bunúsacha don ábhar a bhí le bailiú acu araon. D'eisigh an Roinn Oideachais an leabhrán seo i Meán Fómhair na bliana 1937 'for the information of Managers and Teachers of National Schools.'[6]

I dteanga shoiléir shimplí, faoi 55 ceannteidil éagsúla i bhfoirm ceisteanna, a rinneadh na téamaí éagsúla go rabhthar lena leanstan suas faoin scéim, a rianadh agus a ríomh go dlúth. Mar ba dhual dó i gcónaí, agus mar is léir ó na ceannteidil seo, ba léamh móraigeanta a thug Seán ar mhianach an bhéaloidis, gan a bhfuil i gceist le bunbhrí lárnach an traidisiúin bhéil a ligean i ndearmad ag an am céanna. Ar na hábhair a liostáil sé, bhí, ar ndóigh, scéalta, amhráin, paidreacha, seanfhocla agus tomhaiseanna, gan trácht

ar thithe agus ar sheanfhoirgnimh, ceardanna, seanchas áitiúil, nósanna agus pisreoga, caithimh aimsire, leigheasanna agus áitainmneacha agus mórán mór agus mionábhair eile nach iad. Tríd is tríd ba meascán meáite, tuisceanach, spreagúil é a d'fhóir go maith don ócáid.[7]

Le linn na scoilbhliana sin, bhí i gceist go saorfaí na daltaí scoile i Rang a Cúig agus Rang a Sé (11-14 bliana d'aois) ó scríobh aistí seachtainiúla ar ghnáth-théamaí seanchaite, macasamhail 'Mo Mhadra' nó 'Lá Cois Farraige', agus go dtabharfaí suas an t-achar ama sin gach seachtain do thiomsú agus trascríobh an bhéaloidis a bhí bailithe ag na daltaí óna gcuid daoine muinteartha sa bhaile, nó ó dhaoine eile sa chomharsantacht. Moladh go ndéanfadh na múinteoirí ceann de na hábhair a liostáileadh a roghnú agus a phlé go mion leis na daltaí seachtain roimh ré, agus ansin go gcuirfí ag bailiú taobh amuigh d'am scoile iad ar feadh na seachtaine ina dhiaidh sin. Ag 'am aistí' ina dhiaidh sin, scríobhfaí isteach ina gcóipleabhair bheaga ar éirigh leofa a bhailiú faoi ábhar roghnaithe na seachtaine sin. Ba é an chéim dheiridh a bhí le tabhairt ansin na haistí béaloidis seo ('Mo Cheantar Dúchais Féin', 'Bóithre an Cheantair', 'An Cheárta' 7rl) mar aon leis na hamhráin, na scéalta agus leis an uile chineál eile ábhair a bailíodh, a scríobh: isteach i gcóipleabhar mór oifigiúil na Roinne Oideachais. Moladh gur faoi dhream beag ar leith de na daltaí a d'fhágfaí cúram na sainoibre seo, agus go bhféachfaí chuige nach athscríobh as éadan a dhéanfaí ach go mbéifí ag iarraidh oiread den athrá iomarcach faoi seo agus faoi siúd a sheachaint.[8]



OVER 20 Tons of Folklore — a section of some of the 6,000 copybooks containing folklore collected by schoolchildren during the past 18 months, which have just arrived at the headquarters of the Folklore Commission at University College, Dublin.

Bhí na cóipleabhair oifigiúla seo le seoladh ar ais chun na Roinne Oideachais ag deireadh na scoilbhliana sin .i. 30 Meitheamh 1938, ach ar mholadh an Choimisiúin tugadh síneadh sé mhí de bhreis ama do na scoltacha, agus leanadh leis an scéim amach sa scoilbhliain ina dhiaidh sin suas go dtí deireadh na bliana 1938. Ó 1 Iúl 1937 go 31 Nollaig 1938 a mhair an scéim mar sin.

In earrach na bliana 1939, is ea a tháinig Bailiúchán na Scol, idir chóipleabhair mhóra oifigiúla na Roinne Oideachais (4,377 acu) agus chóipleabhair bheaga na ndaltaí scoile, i seilbh an Choimisiúin den chéad uair. Bhí formhór mór bhunscoltacha an tSaorstáit tar éis páirt a ghlacadh sa scéim, agus ba i leoraí mór, faoina lasta cóipleabhar ina mbeartáin bheaga, a rinneadh toradh na scéime a sheachadadh ó Roinn an Oideachais

go dtí oifigí an Choimisiúin ag Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath. Ba iad Seán Ó Suilleabháin agus Máire Ní Néill a ghlac go foirmeálta faoina gcúram ansin iad.

Tuairiscíodh crapadh an fhómhair bhéaloidis seo ar na nuachtáin, ar an *Irish Independent* ('The Work of 50,000 Children … Weighing over 20 Tons'), ar an *Evening Mail* ('"Magnificent" Result of Schools Scheme') agus ar an *Irish Times* ('Success of Primary Schools' Scheme') den 1 Feabhra 1939, agus arís ar an nuachtán Sasanach *The People* ('Children Swamp Teacher (Mr. Sean O'Sullivan) with Thousands of Copy-Books') ar an 19 Feabhra 1939. D'fhoilsigh *Scéala Éireann* ar an 15 Feábhra 1939 pictiúr de Mháire Ní Néill agus na cóipleabhair mhóra oifigiúla (gan cheangal go fóill), mar aon le tuairisc ina raibh tagairt do 'over 20 Tons of Folklore'.[9] Rinneadh iad a áireamh idir chóipleabhair bheaga agus chóipleabhair mhóra, agus rinneadh na cóipleabhair mhóra uilig a liostáil.

| | Líon na leathanach |
|---|---|
| CONNACHT | (104,580) |
| Gaillimh | 35,100 |
| Maigh Eo | 32,760 |
| Liatroim | 14,040 |
| Ros Comáin | 11,880 |
| Sligeach | 10,800 |
| MUMHA | (123,840) |
| Corcaigh | 41,040 |
| Ciarraí | 32,400 |
| An Clár | 16,200 |
| Luimneach | 15,120 |
| Tiobraid Árann | 14,040 |
| Port Láirge | 5,040 |
| ULAIDH | (68,340) |
| Dún na nGall | 30,240 |
| An Cabhán | 24,300 |
| Muineachán | 10,800 |
| LAIGHEAN | (87,900) |
| An Mhí | 12,000 |
| An Iarmhí | 11,340 |
| Cill Chainnigh | 9,000 |
| Loch Garman | 8,840 |
| Longfort | 8,100 |
| Uíbh Fhailí | 6,840 |
| Laois | 5,800 |
| Lú | 5,760 |
| Cill Mhantáin | 4,860 |
| Átha Cliath | 4,320 |
| Cill Dara | 3,960 |
| Ceatharlach | 2,880 |
| IOMLÁN | (384,660) |

Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur bhris an Dara Cogadh Domhanda (1939-1945) amach, agus ar eagla na heagla haistríodh dhá mhórbhailiúchán lámhscríbhinne an Choimisiúin amach as an Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath, agus haimsíodh áiteacha chaomhnaithe dófa taobh amuigh den chathair. I dtaisce i seomra a bhí ar cíos ag an Choimisiún, i dteach príobháideach i Rath Fearnáin in aice leis an Hell Fire Club, a chaith cóipleabhair mhóra oifigiúla Bhailiúchán na Scol an cogadh, áit ar fhan siad go dtí 1949.[10] Ar theacht ar ais go hoifigí an Choimisiúin dófa – in 82 Faiche Stiabhna a bhí an Cóimisiún lonnaithe faoin am sin – socraíodh go gceanglófaí in imleabhair mhóra c. 500 leathanach iad in ord chúige, chontae, bharúntachta, pharóiste agus scoile. Rinneadh na leathanaigh a uimhriú ó imleabhar go himleabhar agus huimhríodh na himleabhair ó Ls. 1 go Ls. 1126. Féach an tábla ar chlé, toradh na scéime seo i bhfoirm líon na leathanach atá insna himleabhair seo ó chúige go cúige agus ó chontae go contae.

Ar na múinteoirí a thacaigh leis an scéim, bhí thimpeall is cúig chéad duine gur léir óna rannpháirtíocht shuntasach féin san obair agus ar fheabhas an ábhair bhéaloidis a bailíodh faoina stiúir éifeachtúil, go raibh tuigbheáil agus toil ar leith acu do bhailiú an

bhéaloidis.[11] Glacadh buíochas speisialta leo seo agus rinneadh iad a earcú mar lucht freagartha ceistiúchán. Ba iad cnámh droma chóras na gceistiúchán go cionn blianta fada ina dhiaidh sin iad, agus ba bhailitheoirí páirtaimseartha iontacha cuid acu fosta.

Is iomaí sin bealach eile go ndeachaigh Scéim na Scol chun sochair don Choimisiún agus don tír, ar ndóigh. Bíodh is go bhfuil a chuid lochtanna féin air mar bhailiúchán, is acmhainn bhreá amach taighde é gur bhochtaine go mór annála an bhéaloidis in Éirinn dá éagmais.[12] Níor cheart a dhearmad ach oiread gurbh iontach an tionchar a bhí ag an scéim seo ar ghlún daltaí scoile a ghlac páirt inti. Is iomaí duine acu sin a cuireadh i dteagmháil lena thraidisiún áitiúil féin den chéad uair agus gur cuireadh ar a shúile dó a raibh de thábhacht leis agus fiú amháin a raibh de chúlra aige mar thraidisiún.[13] Ní hé amháin sin ach is cinnte go ndeachaigh an scéim chun tairbhe do ghnáthobair na scol insan mhéid is go ndeachaigh comhoibriú na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na ndaltaí i ndlús dá barr.



*Ita Cox (a daughter of Schools' contributor, Sarah Neary), Joanne Galvin, Frank Madigan, Mary Murphy (née Leavy), a contributor to the Schools' Folklore Scheme, and Michael Cox, at the National Folklore Collection in 2013.*

Tá fáil le fada anois ar Bhailiúchán na Scol ag scoláirí agus ag an phobal i gcoitinne agus bítear ag tarraingt de shíor is de ghnáth as an tobar eolais seo de thraidisiúin na hÉireann. I gCnuasach Bhéaloideas Éireann anois atá an bhunchóip agus an clár sealadach a theann léi, mar aon le bunchóipleabhair na ndaltaí. Faoi chúram Cnuasach Bhéaloideas Éireann fosta atá cóip dhiúltach mhionscannáin de Bhailiúchán na Scol Lsí 1-1126; thall is abhus sna leabharlanna contae tríd an tír, tá fáil ar chóip dheimhneach mhionscannáin de chodanna den bhailiúchán seo,[14] agus sa gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, tá fáil ar chóip dheimhneach den iomlán.

Is mór go deimhin idir Éirinn an lae inniu agus an tír mar a bhí sí blianta beaga roimh an chogadh deiridh, agus is iomaí sin athrú a tháinig ar shaol na ndaoine ón am sin i leith. Ainneoin sin is uilig, tá an-teacht aniar agus téagar sa traidisiún go fóill mar is léir ón ábhar fiúntach béaloidis a tháinig i seilbh Cnuasach Bhéaloideas Éireann le tamall anuas, de thoradh ar scéimeanna éagsúla a raibh daltaí scoile na tíre páirteach iontu ar bhonn amháin nó ar bhonn eile. Ábhar dóchais é gan dabht, mar shampla, gur féidir a dheimhniú go bhfuil cuid den ábhar a fuarthas isteach faoi tionscnamh is deireanaí ar fad acu seo[15] ar

chomhchéim i dtaca le dílseacht don traidisiún de, leis an chuid is fearr dá bhfuil i mBailiúchán na Scol nó, dá n-abrainn é, le haon chuid de Chnuasach Bhéaloidis Éireann.[16]

---------θ--------

## NÓTAÍ

[1] Bunchóip an ailt seo i gcló i *Sinsear* 5 (1988), 19-30.

[2] Ceangailte ina n-imleabhair ó 1 go 1126 atá formhór na leathanach seo (381,660 leathanach). I gcóipleabhair bheaga na ndaltaí scoile atá an chuid eile, agus is i mboscaí atá siad sin. Faoin am seo, tá eolas faoin chontae agus faoin bharúntacht as a dtáinig na cóipleabhair bheaga seo breactha ar thimpeall is leath na mboscaí. Tá eolas níos iomláine ar an leath eile – ainm an chontae, ainm na barúntachta agus ainm na scoile, chomh maith leis an eolas is tábhachtaí ar fad – uimhir an imleabhair cheangailte ina bhfuil an cóipleabhar mór oifigiúil gur scríobhadh ábhar na gcóipleabhar beag isteach ann.

[3] Dúirt Séamus Ó Duilearga liom nár mhian le hAireacht an Oideachais insna Sé Chontae san am go mbeadh scoileanna an Tuaiscirt páirteach sa scéim. Blianta ina dhiaidh sin (1955-1956), tugadh faoi Scéim na Scol eile insna Sé Chontae. Ba faoi stiúir an 'Committee on Ulster Folklife and Traditions', agus faoi choimirce Aireacht an Oideachais ó thuaidh, a reachtáileadh an scéim seo. Féach K.M. Harris, 'The Schools' Collection', *Ulster Folklife* 3, Part 1, 1957, 8-13. Ní hé amháin gur lean na húdaráis ó thuaidh dea-shampla an Choimisiúin agus gur iarr agus go bhfuair siad comhairle ón Choimisiún, ach deir Seán Ó Súilleabháin liom gur dáileadh an chomhairle chéanna, ar cheann éigin de thíortha Mheiriceá Theas – Peru, a shíl sé – ar iarratas. Thagair tuairiscí na nuachtán náisiúnta laethúil, agus iad ag fógairt toradh na scéime sna Sé Chontae Fichead, do scéim eile a reachtáileadh roimhe sin. Mar seo a bhí sé ag an *Irish Times* 1.2.1939:

> *Except for a remote and similar example in the little Italian republic of San Marino, the scheme has no parallel in European education.*

[4] Mar seo a deir Seán O Súilleabháin insan mheamram a scríobh sé faoi Sceim na Scol (Irish Folklore Commission: Schools Collection Scheme, July 1937 – December 1938; istigh leis an chéad imleabhar de Lsí na Scol atá an meamram seo):

> *At the request of the Irish National Teachers' Organization the scheme was a voluntary one – teachers were free to have the school take part in the scheme or not, as they thought fit.*

Bhí ábhairín éigin éigeantais i gceist, áfach, más amhlaidh go raibh feidhm ar bith leis an mhéid a dúradh, sa chiorclán a d'eisigh an Roinn Oideachais faoin scéim (Circular to Managers and Teachers of National Schools: Scheme for the Collection and Preservation of Folklore and Oral Tradition, Imlitir 9/37=CMT):

> *The scheme will be voluntary in its application to schools in the cities of Dublin, Cork, Limerick and Waterford (Alt 5).*

Ach fágadh bealach ealó ina dhiaidh sin:

> *It is appreciated … that for historical and other reasons, some districts are relatively poor in folklore and that in some districts where folklore abounds the efforts of the pupils may be hampered by the apathy of the older people. It will be open to a teacher in such circumstances to make representation to the District Inspector for a modification or discontinuance of the scheme (CMT, Alt 8).*

[5] Níor hiarradh ar na múinteoirí gach aon cheann de na cóipleabhair bheaga a sheoladh ar ais:

*All Manuscript Books officially supplied … should be forwarded to this office at the end of the current school year … for immediate transmission to the Folklore Commission. The composition copy books, or a selected number of them, should also be forwarded to this Office (CMT, Alt 4).*

Ní bhíonn in amannaí, mar sin, ach sampla ionadaíoch de chóipleabhair bheaga na ndaltaí le fáil ó scoil go scoil.

[6] *Irish Folklore and Tradition* (37 lch). Níl teacht agam ar an leagan Gaeilge den leabhrán seo nó den chiorclán (CMT) a seoladh amach faoin am céanna leis.

[7] Rinneadh úsáid éifeachtúil de mhíreanna áirithe as an leabhrán seo i gcomhthéacs Chomórtas Béaloidis Irish Life 1976-1978 (do dhaltaí bunscoile agus meánscoile) agus i dtionscnamh béaloidis Newspaper in the Classroom, 5.3.l985 (do dhaltaí bunscoile amháin) a reachtáileadh faoi choimirce an *Irish Times* le cúnamh An Phoist.

[8] Mar seo a comhairlíodh na múinteoirí i gciorclán úd na Roinne Oideachais (CMT, Alt 3):

Material collected by the pupils may be entered in their school jotters and the compositions written in their copybooks from that material. These compositions, or as much of them as is not unduly repeated, together with stories, songs, proverbs and other material collected, should be transcribed by selected pupils into the official Manuscript Books which were issued to all National Schools in March, 1934.

Bhí de thoradh ar an pholasaí seo gur fágadh roinnt mhaith ábhair bhéaloidis ar lár insna cóipleabhair mhóra oifigiúla seo, mar nach raibh i gceist ann ach athrá gan mhaith, dar leis na múinteoirí. De réir na treorach seo, ba aistí amháin go raibh cinsireacht den chineál seo le himirt orthu ach, mar a tharla sé, ba rómhinic a chuaigh an treoir seo i bhfeidhm ar ábhar eile seachas ábhar na n-aistí seo. Tá go leor fianaise ann nach athrá gan mhaith ar chor ar bith a bhí i gcuid mhaith den ábhar seo a fágadh ar lár. Is féidir, ní hé amháin malairt leaganacha de scéalta, cuir i gcás, a aimsiú i gcóipleabhair bheaga na ndaltaí (nuair is ann dófa), agus is mianach saibhir ábhair úir iad nach bhfuil a thásc nó a thuairisc le fáil i measc lámhscríbhinní ceangailte Bhailiúchán na Scol.

[9] Is dóiche gur ceann éigin de na tagairtí seo d'olltonnáiste an bhailiúcháin úir (nó/agus an méid a bhí le rá ag an Ghiúistís Walsh féach thíos) a spreag an file Patrick Kavanagh chun fogha fíochmhar a thabhairt faoi obair an Choimisiúin insan *Irish Times* 18.4.1939, in alt dar teideal 'Twenty-three tons of Accumulated Folk-Lore – Is it of any Use?':

Folk-lore collecting like its modern sister, mass-observation is an attempt by sentimental science to do without the poets who are now starving to death ... Not only is this stuff culturally useless, it is definitely harmful. Let Dr. Deleargy [sic] say what he may, this weighty collection is a rubbish heap that sooner or later will have to be destroyed ... Supposing the money that is being spent – or should I say wasted? – on dead things was spent to keep cigarettes in the mouths of poets, there would be a hope that April might wake green beauty in Ireland' s thought …

De réir thuairisc *Scéala Éireann* den 3.4.1939 (agus bhí tuairisc eile mórán mar é ar *Irish Times* an lae chéanna) ar léacht a thug an Ghiúistís Louis J. Walsh ar an Charraig in iardheisceart Dhún na nGall, b'amaideach an mhaise don Choimisiún a bheith ag brú bhailiú an bhéaloidis ar pháistí:

What he called 'the folklore ramp' was assailed by District Justice L.J. Walsh in a Carrick, Co. Donegal lecture on 'Danish Folk Schools'. He asserted that there was a tendency to allow 'one track mind faddists' to overload the primary school programme to the detriment of the people's needs. District Justice Walsh said that to 'burden' teachers and pupils with the collecting of folklore was absurd and that the results were undesirable. Children, afraid of slapping, were having parents invent tales for them and he had been told teachers had to use 'similar devices' against inspectors' importunities. If the Folklore Commission was obtaining folklore 'by the ton' from the schools he believed much of it was spurious.

[10] I Woodtown Park, teach gur leis an uasal Arnold Marsh é, fear a bhí ina bhall de Chuallacht na gCarad, a coinníodh cóipleabhair mhóra oifigiúla Bhailiúchan na Scol. Ba de bhunadh Phort Láirge an tUas. Marsh, áit ar chuir Seán Ó Súilleabháin – a bhí ina mhúinteóir ann – aithne air den chéad uair. Ba é Seán a thug ar Marsh seomra ina theach a ligean ar cíos le Coimisiún Béaloideasa Éireann. I mboscaí móra adhmaid, go raibh áit do thimpeall is 20 imleabhar an ceann iontu, a stóráileadh na lámhscríbhinní, agus uair sa tseachtain ba nós le Seán a dhul ag rothaíocht suas faoi na sléibhte le cuairt a thabhairt orthu. Tháinig siad slán uilig ach bosca amháin acu go dtáinig báisteach bheag isteach air agus go ndearnadh mionsalú ar na cóipleabhair a bhí i dtaisce ann.

Ba i Woodtown Park a bhí cónaí ar James MacNeill, uncail le Máire Ní Néill, a bhí ina cúntóir ag Seán Ó Súilleabháin, tráth den tsaol. Le linn do chóipleabhair mhóra oifigiúla Bhailiúchán na Scol a bheith ar choimėad ann, tháinig Ernst Lewy, scoláire mór teangeolaíochta a bhí ar a theicheadh go hÉirinn ón Mhór-Roinn, a chónaí sa teach seo.

In Ardán Phort an Iarla a fágadh cóipleabhair bheaga na ndaltaí blianta an chogaidh, agus níor tugadh le chéile ina iomláine arís Bailiúchán na Scol, idir chóipleabhair bheaga na ndaltaí agus na cóipleabhair mhóra oifigiúla, go dtí gur hathaontaíodh an dá chnuasach seo in 82 Faiche Stiabhna sa bhliain 1949. Is in '82' chomh maith a rinneadh lámhscríbhinní uile an Choimisiúin a thabhairt in aontíos arís. Thiar in Iorras, i gCo Mhaigh Eo, i nGrianán Seilge Alt na Brocaí in aice le Béal Átha an Chomhraic, a stóráileadh Príomhbhailiúchán Lamhscríbhinní an Choimisiúin blianta an chogaidh.

[11] Ar an chuid ab fhearr ar fad acu seo, bhí na múinteoirí a thug faoi ábhar béaloidis a thiomsú go díograiseach iad féin, agus a bhfuil lorg a láimhe le feiceáil ar mhórán mór de na chóipleabhair mhóra oifigiúla.

[12] Níl fúm na lochtanna seo a ríomh anseo ach féach, mar shampla, a bhfuil le rá ag B. Almqvist, 'The Uglier Foot', *Béaloideas* 27-8, 1969-70, 12-16, agus ag R.M. James, 'A Year in Ireland – Reflections on a Methodological Crisis', *Sinsear* 4, 83-90. Baintear úsáid fhorleathan as Lsí Bhailiúchán na Scol go speisialta ag lucht scríofa tráchtaisí béaloidis agus altanna léannta ina bhfuil suirbhéireacht ar théamaí eagsúla, nó ar dháileadh ghnéithe éagsúla den traidisiún, á léiriú – féach, mar shampla, C. Ó Danachair, 'Some Marriage Customs and their Regional Distribution', *Béaloideas* 42-4, 1974-6, 136-75.

[13] Is léir go ndeachaigh obair na scéime i bhfeidhm go mór ar an ghlún sin bailitheoirí óga. Tá ardspéis ag an phobal i gcoitinne i mBailiúchán na Scol, agus ag na daoine go raibh láimh agus páirt acu in imeachtaí na scéime go speisialta. Ní beag an líon 'seanfhondúirí' de chuid Scéim na Scol a thugann cuairt ar Roinn Bhéaloideas Éireann, nó ar na háiteacha eile a bhfuil fáil ar chodanna den bhailiúchán seo (féach nóta 14 thíos) ó cheann ceann na bliana.

[14] Insna leabharlanna contae, tá ar bailíodh insna contaetha seo leanas ar fáil: An Clár, Ciarraí, Corcaigh, Gaillimh, An Iarmhí, Laois, Liatroim, Longfort, Luimneach, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach, Port Láirge agus Uíbh Fhailí. Tá cóip d'ábhar Chontae Átha Cliath insan Phríomh-Leabharlann, Dún Laoghaire, agus d'ábhar Chontae Chiarraí i dTeach Mhucrois i gCill Airne (áit a bhfuil clár agus innéacs iomlán d'ábhar Chiarraí i mBailiúchán na Scol ar fáil chomh maith).

[15] Ghlac 64 scoil i 27 contae, thuaidh agus théas, páirt sa tionscnamh seo agus 2,724 leathanach lámhscríbhinne a bailíodh.

[16] Sin é le rá Bailiúchán na Scol agus Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní Roinn Bhéaloideas Éireann le chéile.